



PREASEISIÚINT Uimh. 84/25

Lucsamburg, 9 Iúil 2025

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta i gCás T-534/24 | [Gotek] ¹

Naoi mí tar éis dlínse a bheith tugtha di chun réamhrialuithe a dhéanamh, eisíonn Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh a céad réamhrialú

Tá reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear d'inmhuirearacht dleachta máil ar bhonn seachadadh samhailteach earraí máil a thaispeántar ar shonraisc bhréagacha ar neamhréir le dlí an Aontais

An 1 Deireadh Fómhair 2024, aistríodh dlínse chun réamhrialuithe a thabhairt chuig an gCúirt Ghinearálta i sé réimse shonracha. ² Go dtí seo, cuireadh 55 chás réamhrialaithe faoi bhráid na Cúirte Ginearálta.

Sa chéad chás réamhrialaithe seo, a dhúnann an Chúirt Chéadchéime le breithiúnas, níos lú ná naoi mí tar éis don Chúirt Bhreithiúnais an iarraidh ar réamhrialú a tharchur, fiafraítear di faoi léiriú forálacha áirithe den Treoir maidir le Dleacht Máil. ³

Tar éis iniúchadh cánach, chinn riarachán na Cróite go ndearna trádálaí an (cáin bhreisluacha (CBL)) a asbhaint go mícheart ar bhonn sonraisc bhréagacha a bhaineann le soláthairtí táirgí peitiriliam nár tharla riamh, i ndáiríre.

Agus an reachtaíocht náisiúnta á cur i bhfeidhm, d'éiligh an riarachán custaim go n-íocfaí dleacht mháil. Chinn sé go ndearna an fiontraí mí-úsáid ceart i ngluaiseacht earraí máil.

Is mian le cúirt na Cróite, a dtugann an trádálaí os a comhair, a fháil amach an bhfuil an reachtaíocht náisiúnta, arna léiriú ag na húdaráis náisiúnta, lena bhforáiltear d'inmhuirearacht dleachta máil ar bhonn soláthar samhailteach earraí máil a thaispeántar ar shonraisc bhréagacha, ag luí le dlí an Aontais.

Ina breithiúnas, tugann an Chúirt Ghinearálta freagra diúltach. Cuireann sé in iúl, go háirithe, go mbíonn dleacht mháil inmhuirearaithe nuair a scaoiltear lena tomhailt í, rud a chomhfhreagraíonn do liosta uileghabhálach de na cásanna dá bhforáiltear sa Treoir. Sa chás seo, forchuireadh an dleacht mháil mar gheall ar mhí-úsáid ceart, a bhain le húsáid sonrasc bréagach nuair nár seachadadh na táirgí peitiriliam, cás nach dtagann faoi na cásanna sin. Thairis sin, measann an Chúirt, fiú má tá leas dlisteanach ag na Ballstáit bearta iomchuí a dhéanamh chun a leasanna airgeadais a chosaint, gurb amhlaidh fós nach féidir a gcumhacht rialála a fheidhmiú de shárú ar fhorálacha na Treorach.

NÓTA: Le tarchur chun réamhrialú, ceadaítear do chúirteanna na mBallstát, i gcomhthéacs díospóide os a gcomhair, tarchur a dhéanamh chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh le haghaidh réamhrialú maidir le léiriú dhlí an Aontais nó maidir le bailíocht gnímh de chuid an Aontais.

Tá an Chúirt Ghinearálta inniúil chun déileáil le hiarrataí ar réamhrialú a thagann go heisiach faoi 1) an comhchóras cánach breisluacha (CBL), 2) dleachtanna máil, 3) an Cód Custaim, 4) rangú earraí de réir taraife san Ainmníocht Chomhcheangailte, 5) cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil nó i gcás ina gcuirfear moill ar sheirbhísí iompair nó i gcás ina gcuirfear ar ceal iad, nó 6) an córas trádála ar lamháltais i gcomhair

astaíochtaí gás ceaptha teasa. Tá dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais déileáil le gach iarraidh eile ar réamhrialú.

Féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais réamhrialú na Cúirte Ginearálta a athbhreithniú, ar bhonn eisceachtúil, ar thogra ón gCéad Abhcóide Ginearálta, i gcás ina bhfuil baol tromchúiseach ann go ndéanfaí difear d'aontacht nó do chomhchuibheas dhlí an Aontais. In éagmais togra den sórt sin – laistigh de mhí amháin tar éis chinneadh na Cúirte – beidh sé críochnaitheach. Ar an taobh eile, má mholann an Céad Abhcóide Ginearálta athbhreithniú a dhéanamh, ní mór fanacht le toradh na n-imeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais sula mbeidh breith na Cúirte Ginearálta críochnaitheach nó sula ngabhfaidh breith na Cúirte Breithiúnais ionad na breithe sin.

Ní rialaíonn an Chúirt Bhreithiúnais ná an Chúirt Ghinearálta ar an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt náisiúnta atá sé an cás a réiteach i gcomhréir le cinneadh na Cúirte Breithiúnais nó na Cúirte Ginearálta.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Ghinearálta.

Foilsítear [téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre](#) ar an mbreithiúnas ar shuíomh gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques René Zammit ☎ (+352) 4303 2524.

Fanaigí i dteagmháil linn!



¹ Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhóirainm aon pháirtí sna himeachtaí.

² [Rialachán \(AE, Euratom\) 2024/2019](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena leasaítear Prótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (féach preaseisiúintí [Uimh. 125/24](#), [Uimh. 154/24](#) agus [Uimh. 179/24](#)).

³ [Treoir 2008/118/CE ón gComhairle](#) ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil agus lena n-aisghairtear Treoir 92/12/CEE.